Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6976/21**

**SOC 142**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 12 Márta 2021.

## An tAosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí

## Conclúidí ón gComhairle

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI:**

1. Is feiniméan uile-Aontais é aosú an daonra ag a bhfuil impleachtaí fadtéarmacha socheacnamaíocha agus déimeagrafacha lena ngabhann dúshláin agus deiseanna agus a éilíonn gníomhaíocht uile-Aontais lena gcuirtear ar chumas daoine scothaosta a gcearta bunúsacha a theachtadh agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

2. Tá muintir na hEorpa ag maireachtáil níos faide ná riamh, agus tá aoisphróifíl na sochaí ag athrú go tapa. Faoi 2060, meastar[1] go méadóidh meánionchas saoil na bhfear le 8.5 bliain (go 84.5 bliain) agus meánionchas saoil na mban le 6.9 bliain (go 89 bliain), agus neamhréireachtaí measartha beag ann idir na Ballstáit, atá suntasach a mhéid a bhaineann le hionchas saoil fholláin.

3. Tá an méid a chuireann daoine scothaosta le gach gné den tsochaí – bíodh sin le feidhmíocht eacnamaíoch san áit oibre, nó mar fhiontraithe (táirgeoirí) nó tomhaltóirí, nó le comhtháthú sóisialta mar shaorálaithe, cúramóirí nó tionscnóirí foghlama idirghlúine á n-admháil i ndíospóireachtaí beartais ar leibhéal an Aontais agus i líon méadaitheach Ballstát.

4. Ní grúpa aonchineálach iad daoine scothaosta; bíonn riachtanais, roghanna agus deiseanna éagsúla acu i gcaitheamh a saoil.

[1] *Eoraip atá ag Aosú*, Eurostat, eagrán 2019, https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-statistical-books/-/KS-02-19-681.

5. Cé gur mór a baineadh amach le scór éigin blianta anuas maidir le bochtaineacht na ndaoine scothaosta a chomhrac, síltear go forleathan go bhfuil daoine scothaosta[2] – go háirithe mná scothaosta[3] – i mbaol mór bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Ar an meán, tá ioncaim daoine aosta beagán níos ísle (92 %) ná ioncaim an daonra iomláin. Mar sin féin, tá a rátaí bochtaineachta níos ísle (16.1 % le hais 16.5 % do dhaonra iomlán AE27 in 2019), agus tá sin mar thoradh ar ioncam seanaoise a bheith dáilte ar bhealach níos cothroime. Tá ról suntasach ag aistrithe sóisialta, agus go háirithe ag pinsin, i ráta riosca na bochtaineachta do dhaoine scothaosta a laghdú, ach tá éagsúlacht mhór i dtionchar na n-aistrithe sin idir na Ballstáit.

6. Cé go dtoirmisctear le dlí an Aontais idirdhealú ar bhonn aoise, dá ngairtear freisin ‘aoiseachas’, is feiniméan é a tharlaíonn go minic a dhéanann stiogmatú ar dhaoine scothaosta agus a thrasnaíonn le forais idirdhealaithe eile. Mar gheall ar chastacht agus ilghnéitheacht idirdhealaithe ar bhonn aoise, tá gá le cuir chuige chuimsitheacha il-earnála agus thrasnacha agus le tiomantas láidir forleathan do chlár oibre an aoiseachais ar gach leibhéal den tsochaí. Ag an am céanna, ba cheart foinsí nua idirdhealaithe agus eisiata daoine scothaosta a chosc, mar shampla trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta chun na scileanna is gá a bheith acu a shealbhú le bheith mar chuid de shochaí atá ag athrú go tapa agus a bhfuil tionchar mór ag an gclaochlú digiteach agus ag an aistriú glas uirthi. Bíonn tionchar diúltach ag an aoiseachas ar dheiseanna daoine, ar a leibhéil rannpháirtíochta, ar a sláinte agus dea-bhail, agus bíonn sin le feiceáil i gcomhthéacsanna éagsúla, amhail an margadh saothair, an pobal áitiúil, an timpeallacht shóisialta, sochaí na dtomhaltóirí, an saol polaitiúil agus na meáin.

7. Is fíor-riachtanach córais chosanta sóisialta na mBallstát a oiriúnú chun riachtanais gach aoisghrúpa a chumhdach ar bhealach leordhóthanach, inbhuanaithe. Ar an ábhar sin, tá sé ríthábhachtach aosú an daonra a chur san áireamh go hiomlán, lena gcumasófaí fíor-athrú sa chomhthéacs sin[4]. Is den bhuntábhacht é freisin cothroime idirghlúine a ghnóthú agus cothromaíocht a choinneáil ar bun sa tacaíocht shóisialta do dhaoine de gach aois.

---

2 https://www.who.int/health-topics/ageing#tab=tab_1

3 Catalóg na bhFoilseachán – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

4 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Population_structure_and_ageing.

8. Is fadhb ilghnéitheach atá ag teacht chun cinn é foréigean in aghaidh daoine scothaosta a d'fhéadfadh tarlú i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, síceolaíoch, gnéasach, nó eacnamaíoch, trí thréigean, mí-úsáid nó faillí. Is iomaí cúis a bhaineann leis, agus tarlaíonn sé i gcomhthéacsanna teaghlaigh agus institiúideacha araon. D'ainneoin feasacht a bheith ag méadú, is fadhb chearta an duine fós é foréigean agus is feiniméan sóisialta é ar deacair é a bhrath go minic i ngeall ar ghaireacht agus míchothromaíochtaí cumhachta i gcaidreamh na ndaoine lena mbaineann. Dá bhrí sin, tá gá le modhanna láidre coisc agus idirghabhála agus le huirlisí faireacháin dea-shaincheaptha agus pobalbhunaithe agus uirlisí faireacháin eile. Is mór an tionchar atá ag foréigean, go háirithe foréigean baile, ar mhná scothaosta; tig leo a bheith an-leochaileach easpa rochtana a bheith acu ar sheirbhísí tacaíochta.

9. Ní mór bac a chur ar leithlisiú sóisialta agus ar aonarachas neamh-inmhianaithe, ar toradh ar dhíscor sóisialta i ngníomhaíochtaí pobalbhunaithe ginearálta iad; is féidir sin a dhéanamh, *inter alia*, tríd an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn, go háirithe do mhná, lena mbíonn rochtain níos éasca ag daoine ar ghníomhaíochtaí cultúir agus fóillíochta, ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, ar dheiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil, ar athshlánú, ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí sóisialta, ar nithe iad go léir lena gcuirtear saol gníomhach, díniteach, fiúntach agus folláin chun cinn.

10. Tá difear díréireach déanta ag paindéim dhomhanda COVID-19 do shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte chuid mhór daoine scothaosta. Tá iarmhairtí díobhálacha ag an ngníomhaíocht a rinneadh ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí a chosaint don ghrúpa áirithe seo, lena ndoimhnítear an leithlisiú sóisialta a luaitear thuas.

11. Ní mór ionchais, féidearthachtaí agus riachtanais daoine scothaosta a chur san áireamh i bpróisis chinnteoireachta na rialtas agus comhlachtaí poiblí eile, bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

12. Ba cheart rochtain ar sheirbhísí cúraim saincheaptha, duinelárnach comhtháite, chomh maith le rannpháirtíocht sna próisis chinnteoireachta a áirithiú.

13. Le fad saoil atá ag dul i méid go leanúnach, tá dúshláin agus deiseanna á gcothú i ndáil le soláthar tacaíochta sóisialta, córas sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, córas slándála sóisialta agus córas cosanta sóisialta (go háirithe córais phinsin), dálaí oibre agus sábháilteacht agus sláinte ceirde, margaí saothair agus teaghlaigh agus caidreamh idirghlúine. Tá gá, dá bharr, le pleanáil fhorásach, feasacht ar acmhainneacht daoine scothaosta agus leis an gcumas oiriúnú, go háirithe do réaltachtaí sóisialta, digiteacha agus airgeadais.

14. Is féidir leis an 'geilleagar scothaoise' fostaíocht agus fás eacnamaíoch a chruthú san Aontas in earnálacha éagsúla, go háirithe sna hearnálacha sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh. Is féidir leis a bheith ina chúis le nuálaíocht trí rannchuidiú chun soláthar seirbhísí ardcháilíochta sláinte, sóisialta agus digiteacha ar bhealach níos éifeachtúla a áirithiú.

15. Go pointe áirithe, tógadh conairí gairmiúla na n-oibrithe scothaosta ar ghníomhaíochtaí agus ar shlite beatha atá ag dul i léig. Tá dúshláin mhóra ag baint leis sin ó thaobh scileanna agus eolas a thabhairt cothrom le dáta ionas go seachnófar luathfhágáil neamhbheartaithe ón margadh saothair agus caillteanais acmhainneacht tháirgiúil na n-oibrithe sin. Sa bhreis ar luach bunúsach a dtaithí agus a gcuid eolais ghairmiúil atá faighte acu, is féidir le hoibrithe scothaosta ról mór a imirt in aistrithe idirghlúine eolais, scileanna agus feasa gnó a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chúraimí a choigeartú, déine na hoibre a athoiriúnú, timpeallachtaí oibre sláintiúla a chur chun cinn, soghluaisteacht a éascú agus meas a thabhairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

16. Go minic, is de réir earnála agus ilroinnte atá an struchtúr sóisialta reatha agus na bearta a dhéantar maidir le haosú an daonra, agus bíonn siad dírithe den chuid is mó ar shláinte fhisiciúil, ach déantar neamhshuim den dearcadh forásach a bhfuil géarghá léi darb aidhm meabhairshláinte agus dea-bhail ar an iomlán a bhaint amach. D'fhéadfadh roinnt deiseanna a bheith ag baint le haois agus le haosú nuair a phríomhshruthaítear i gceart iad sna beartais ábhartha uile.

17. Agus sochaí do gach aois á forbairt, sochaí atá ullmhaithe i gcomhair fad saoil ghníomhaigh ina mbíonn saol níos faide ag daoine – agus iomláine, acmhainneacht agus dínit ag gabháil leis an saol sin, – tá sé tábhachtach go n-áiritheofaí an ceart chun rannpháirtíochta, na cinnteoireachta agus an neamhspleáchais agus an rochtain ar na nithe sin.

18. Is féidir le tithíocht inacmhainne shábháilte inrochtana, atá bunaithe ar dhearadh uilíoch, sláinte, dea-bhail agus idirghníomhaíochtaí sóisialta a chothabháil nó a fheabhsú de réir mar a éiríonn daoine níos sine, agus is féidir léi feabhas mór a chur ar cháilíocht na beatha agus ar an neamhspleáchas.

19. Ní hamháin go bhfuil tionchar ag saibhreas agus ag rochtain ar sheirbhísí ar chaighdeáin mhaireachtála daoine scothaosta, go háirithe i réimse na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, ach tá tionchar freisin ag rochtain ar fhostaíocht agus ar rannpháirtíocht sa tsochaí. Is tosca tábhachtacha iad seirbhísí poiblí nó seirbhísí fóirdheontais ardcháilíochta atá ar fáil, inrochtana, inbhuanaithe agus inacmhainne, ar seirbhísí iad a chuireann riachtanais éagsúla aonair na ndaoine scothaosta san áireamh, chun caighdeáin mhaireachtála leormhaithe a áirithiú. Is minic a shaothraíonn mná scothaosta ioncaim níos ísle agus a bhíonn siad i mbaol níos airde bochtaineachta ná na fir scothaosta. Is minic a bhaineann sin le conairí oibre a oiriúnaítear agus/nó a gcuirtear isteach orthu i ngeall ar chúiseanna cúraim, pá níos ísle in earnálacha agus i ngairmeacha ina bhfuil mná ina dtromlach mór, idirdhealú pá agus bearnaí pinsin de thart ar 30 %[5].

20. Ag eascairt as Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Mhaidrid de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le hAosú agus Straitéis Cur Chun Feidhme Réigiúnach an Choimisiúin Eacnamaíoch don Eoraip (UNECE) - (MIPAA / RIS) a bhaineann leis, agus an tInnéacs maidir le hAosú Gníomhach[6], maille le Dearbhú Aireachta Liospóin 2017 a eisíodh ag 4ú Comhdháil Aireachta UNECE, dar teideal 'Sochaí Inbhuanaithe do dhaoine de gach aois: Lántairbhe a bhaint as maireachtáil níos faide' agus Deacáid 2021-2030 na Náisiún Aontaithe d'Aosú Folláin' , measadh go raibh sé fíor-riachtanach 'an t-aosú a phríomhshruthú a thuilleadh i réimsí ábhartha beartais agus na foirmeacha iomadúla den aoiseachas a chomhrac', lena dtabharfaí treoirlínte do na Ballstáit maidir le beartais thrasnacha a fhorbairt ar fud na sochaí.

---

[5] An bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh? https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/DDN-20200207-1

[6] Arna bhforbairt go comhpháirteach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta

21. Le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a spriocanna ábhartha, leagadh amach treoirphlean dhomhanda chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ar bhealach cothrom agus tá sé mar aidhm leis cearta an duine do chách ag gach aois a shaothrú, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí, lena n-áirítear daoine scothaosta.

22. Is é atá i gceist le haosú a phríomhshruthú straitéis ilghnéitheach a chomhtháthaíonn ábhair aosaithe ghníomhaigh agus fad saoil chomh maith le gnéithe den chothroime idirghlúine i ngach réimse beartais ar gach leibhéal cinnteoireachta.

23. Is é is aidhm do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta cothroime agus tacaíocht a thabhairt do shaol laethúil gach saoránaigh, ag gach aois, trí chomhdheiseanna agus rochtain chothrom ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta leordhóthanach. Tá go leor dá phrionsabail ríthábhachtach chun tacú le beartais aosaithe ghníomhaigh agus le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas cothrom na ndaoine scothaosta inár ngeilleagair agus inár sochaithe.

24. Ghlac an Coimisiún an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas darb aidhm Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme chun cuimsiú iomlán sóisialta agus eacnamaíoch daoine faoi mhíchumas a áirithiú, lena n-áirítear daoine scothaosta, sa tsochaí, saor ó idirdhealú agus lánurraim dá gcearta.

25. Leis an bPáipéar Uaine maidir le hAosú ón gCoimisiún[7], cuireadh tús le díospóireacht phoiblí leathan ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le sochaí na hEorpa atá ag dul in aois, lena léirítear tionchar uilíoch an aosaithe ar gach glúin agus ar gach céim den saol. Forlíonann sé an *Report on the Impact of Demographic Change* [Tuarascáil maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh][8], ina leagtar amach na príomhfhíricí a bhaineann leis an athrú déimeagrafach agus na tionchair is dócha a bheidh aige;

---

7 5827/21
8 8991/20

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, I GCOMHRÉIR LENA NINNIÚLACHTAÍ, AGUS IMTHOSCA NÁISIÚNTA Á GCUR SAN ÁIREAMH, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA GCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

26. Creat Straitéiseach náisiúnta um Phríomhshruthú an Aosaithe a ULLMHÚ, mura bhfuil sé i bhfeidhm cheana féin, ina dtugtar treoirlínte agus moltaí maidir le conas is féidir na tairbhí a uasmhéadú, déileáil leis na rioscaí féideartha agus aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a eascraíonn as an méadú ar an bhfad saoil sa phobal, agus an creat sin, mar aon leis an gcreat beartais atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais, a chur san áireamh i ngach beartas ábhartha náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

27. Beartais phoiblí atá comhleanúnach, comhordaithe agus trasnach A CHUR CHUN CINN chun freagairt ar chastacht na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann leis an bhfad saoil, trína cheadaítear aistrithe réidhe le linn an tsaolré;

28. Cur chuige trasnach a chuirtear i bhfeidhm ar feadh an tsaoil A ÁIRITHIÚ i leith fad saoil, bunaithe ar chearta an duine, ina gcuirtear san áireamh gnéithe den chomhionannas inscne agus ina mbíonn na geallsealbhóirí ábhartha uile san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach, sa tríú hearnáil agus sna spriocghrúpaí páirteach. Cur chuige a bheartú lena gcuimsítear riachtanais daoine de gach aois, agus á chur san áireamh, inter alia, gur go luath sa saol a chuirtear tús le dea-bhail na seanaoise;

29. Rochtain ar chúram sláinte agus cúram fadtéarmach A FHEABHSÚ agus cáilíocht an chúraim sin a fheabhsú freisin, lena n-áirítear trí sheirbhísí a fhorbairt a sholáthraíonn cúram scothaosta-lárnach agus cúram comhtháite, agus na seirbhísí sin a áirithiú freisin, agus comhtháthú feabhsaithe a chothú idir seirbhísí sláinte agus sóisialta chun cumais fisiceacha agus chognaíocha an duine scothaosta a choinneáil;

30. LEANÚINT le nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta agus a áirithiú *inter alia* go mbeidh ann an chothromaíocht idir cumhdach leordhóthanach ar na rioscaí uile aois-ghaolmhara, inbhuaine airgeadais agus cothroime idirghlúine, agus ar an gcaoi sin, dínit a áirithiú ar feadh chúrsa an tsaoil;

31. Conairí scoir malartacha agus níos solúbtha A BHREITHNIÚ lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil do shaol oibre gníomhach a bheadh níos faide;

32. Sásraí nuálacha cruthaitheacha A LORG chun dlúthpháirtíocht agus idirghníomhaíocht idirghlúine a chur chun cinn, trí shaorálaíocht a chothú i measc daoine aosta agus daoine óga chun uaigneas agus leithlisiú a sheachaint, agus chun gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh, mí-úsáid daoine scothaosta agus faillí iontu a chomhrac;

33. Gabháil orthu féin aosú gníomhach sláintiúil A CHOTHÚ, agus daoine scothaosta a lánpháirtiú go hiomlán sa tsochaí agus sa phobal;

34. LEANÚINT LEO AG LÍONADH na mbearnaí i dtaca le cearta na ndaoine scothaosta a chosaint, i gcás inarb infheidhme, agus an t-aoiseachas agus an t-idirdhealú ar bhonn aoise a chomhrac seachas san fhostaíocht, go háirithe i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na rochtana ar earraí agus seirbhísí agus na cosanta sóisialta, de réir na cothromaíochta a luaitear i Mír 30;

35. Freagairtí sóisialta A OIRIÚNÚ do riachtanais shonracha daoine scothaosta aonair, i gcás inar féidir, agus de réir a mianta;

36. Cultúr cuiditheach A CHRUTHÚ i leith na ngrúpaí éagsúla daoine scothaosta, íomhá dhearfach díobh a chothú, agus a gcuid riachtanais, deiseanna agus roghanna ilchineálacha a chur san áireamh chun sochaí chuimsitheach a chur chun cinn nach ndéantar inti leithscaradh, idirdhealú ná claontacht i gcoinne daoine scothaosta a scaipeadh (geirinteafóibe);

37. Cur chun feidhme the *Guiding Principles of Active Ageing and Solidarity between Generations* [na Treoirphrionsabail maidir le hAosú Gníomhach agus Dlúthpháirtíocht idir Glúine] A CHUR CHUN CINN[9], go háirithe maidir leo siúd a bhaineann le timpeallachtaí oibre, ionaid oibre a chur in oiriúint do riachtanais lucht saothair a bhíonn ag dul in aois de shíor, lena n-áirítear digiteáil fheabhsaithe i gcás inar féidir, dálaí oibre sábháilte sláintiúla, agus socruithe ama, a chur chun cinn chun idirdhealú a bhaineann le haois a chosc san fhostaíocht, a mholadh d'fhostóirí oibrithe níos sine a choinneáil agus a fhostú, lena n-áirítear an fhéidearthacht gníomhaíocht ghairmiúil thar an ngnáthaois inphinsin a chuimsiú i gcás ina gcomhaontaítear sin leis an oibrí scothaosta, agus saol oibre níos faide agus níos gníomhaí a éascú le haghaidh an oibrí, trí rannpháirtíocht chuí na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach;

38. Coinníollacha nó riachtanais speisialta daoine scothaosta faoi mhíchumais éagsúla A CHUR SAN ÁIREAMH; inrochtaineacht a chur chun cinn i dtaca le táirgí, seirbhísí, spásanna maireachtála, agus go háirithe an méid seo a leanas: Seirbhísí tacaíochta baile agus áitiúla a fhorbairt a chuideoidh le daoine scothaosta, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, agus a dtithíocht a oiriúnú ionas gur féidir leo fanacht ina gcónaí go sábháilte ina dteach féin, más mian leo;

39. TACÚ LE pleanáil inbhuanaithe uirbeach agus tuaithe lena gcuirtear chun cinn an tsoghluaisteacht – bunaithe ar an dearadh uilíoch – an tsábháilteacht, an áisiúlacht agus an dea-bhail chun cinn, agus lena n-éascaítear rannpháirtíocht na ndaoine scothaosta i saol sóisialta agus rochtain ar gach seirbhís agus bonneagar is gá, agus a riachtanais shonracha aonair á gcur san áireamh;

40. Forbairt líonraí iompair phoiblí ar a bhfuil rochtain ag gach saoránach A CHUR CHUN CINN, le bealaí atá oiriúnach do riachtanais na ndaoine scothaosta, chun a soghluaisteacht iomlán a áirithiú;

---

[9] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-17468-2012-INIT/ga/pdf

41. Meicníochtaí líonra (líonraí poiblí nó líonraí príobháideacha) A CHRUTHÚ agus a n-úsáid a chur chun cinn, trí uirlisí digiteacha comhtháite agus inrochtana a úsáid lena ráthaítear sábháilteacht, sláinte agus dea-bhail na ndaoine scothaosta ina ngnéithe go léir agus ag a mbeidh an cumas monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid riachtanas, agus cosaint sonraí agus príobháideachas á n-áirithiú ag an am céanna;

42. Mór-infheistíocht A CHUR CHUN CINN sa gheilleagar scothaoise mar bhealach le forbairt áitiúil, comhtháthú críochach agus fás eacnamaíoch a ascnamh, trí luach chumas táirgiúil agus ceannaigh na ndaoine scothaosta a aithint;

43. AIRD A THABHAIRT AR rannchuidiú tábhachtach daoine aosta maidir le cúram neamhfhoirmiúil a chur ar fáil do bhaill teaghlaigh, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, ag tacú leis na glúnta óga chun cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus an saol príobháideach. Sa chomhthéacs sin, comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir a chur chun cinn; agus bearta tacaíochta a FHORBAIRT, agus ag an am céanna leathnú na seirbhísí foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta a chur chun cinn chun an brú a bhíonn ar chúramóirí neamhfhoirmiúla a mhaolú;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA GCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

44. Cur chuige A GHLACADH atá comhtháite ó thaobh aoise de lena n-áirítear peirspictíocht atá bunaithe ar chearta agus ar shaolré maidir le haosú, agus ilchineálacht agus éagsúlacht na riachtanas a bhíonn ag mná agus fir i sochaí atá oscailte do gach aois á gcur san áireamh agus aghaidh á tabhairt air sin, agus an cur chuige déach maidir le príomhshruthú an aosaithe á chur san áireamh: aosú an phobail agus an fhreagracht ar an sochaí ullmhú agus oiriúnú do riachtanais aonair na saoránach, ar feadh a saoil; leanúint den aosú gníomhach folláin a spreagadh;

45. GABHÁIL ORTHU FÉIN breathnú ar dhaoine scothaosta ó thaobh na bithshíceashóisialta agus an chomhshaoil, agus a riachtanais agus a dtosaíochtaí aonair a chur san áireamh, an féinchinntiú, an neamhspleáchas agus an rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, agus a aithint gur féidir cáilíocht na beatha a fheabhsú trí chur chun cinn na sláinte agus iarrachtaí coiscthe galar;

46. OIBRIÚ go comhpháirteach chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do dhaoine de gach aois a chur chun feidhme, go háirithe maidir leo siúd a bhaineann leis an gceart chun rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, ioncam seanaoise agus pinsin, comhionannas inscne, cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus comhdheiseanna;

47. Bearta inbhuanaithe, leordhóthanacha a fhorbairt chun dlúthpháirtíocht agus cothromas A ÁIRITHIÚ laistigh de na glúine agus idir na glúine, inbhuaine a neartú agus comhtháthú sóisialta a neartú freisin, agus riachtanais, ionchais, freagrachtaí agus acmhainneachtaí na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht á gcur san áireamh;

48. A ADMHÁIL, mar gheall ar an bhfad breise saoil gníomhaigh go dteastaíonn inter alia infheistíochtaí feabhsaithe i roinnt réimsí beartais, lena n-áirítear an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, sábháilteacht agus sláinte ag an obair, oiriúnuithe san ionad oibre agus sa tithíocht, cúram sláinte agus fadtéarmach, tacaíocht do na bearta a bheartaítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Dea-bhail Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe[10];

49. Cuimsiú ionadaithe ó aoisghrúpaí éagsúla A CHUR CHUN CINN ag gach céim de phróisis chinnteoireachta phoiblí lena gcumhachtaítear daoine scothaosta, agus tacaíocht a thabhairt don chuimsiú sin trí infheistíocht a dhéanamh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, chun rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil na n-ionadaithe sin a fheabhsú;

50. AGHAIDH A THABHAIRT ar chás ar leith na n-oibrithe scothaosta faoi chuimsiú chreataí straitéiseacha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, rud a rannchuideoidh le haosú níos fearr ag an obair;

---

[10] 11717/2/20 REV 2

51. An Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua A CHUR CHUN FEIDHME, chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta, chun a gcuid scileanna a chothabháil agus a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, tacú lena rannpháirtíocht ghníomhach i margadh an tsaothair agus lena gcuimsiú sóisialta, go háirithe trí scileanna digiteacha a fhorbairt, go háirithe do mhná;

52. Saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht na ndaoine scothaosta A CHUR CHUN CINN ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

53. Bearta a BHREITHNIÚ agus a SHAOTHRÚ chun dul i ngleic le tionchar phaindéim COVID-19 ar fhaighteoirí cúraim, go háirithe daoine scothaosta, agus ar chúramóirí agus lena chois sin ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne, lena n-áirítear earnáil an chúraim fhadtéarmaigh;

54. An Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 a BHREITHNIÚ agus aird ar leith ar dhaoine aosta faoi mhíchumas. An straitéis a CHUR CHUN CINN ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit chomh maith chun é a chur san áireamh agus beartais náisiúnta míchumais á gceapadh;

55. Díospóireachtaí agus rannpháirtíocht A CHUR CHUN CINN sa chomhairliúchán poiblí faoin bPáipéar Glas maidir le hAosú Gníomhach, chun daoine scothaosta a chumasú a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach, ó stíleanna maireachtála sláintiúla agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn go córais sláinte agus cúraim a neartú;

**IARRANN SÍ AR AN GCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN GCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

56. LEANÚINT DE pheirspictíocht saolré a CHOMHTHÁTHÚ sa mhachnamh a dhéanann siad ar na réimsí beartais atá laistigh dá sainchúram;

57. LEANÚINT DEN fhoghlaim fhrithpháirteach agus de chomhroinnt na ndea-chleachtas A CHUR CHUN CINN;

58. LEANÚINT DE tháscairí iontaofa agus inchomparáide idirnáisiúnta a fhorbairt chun dea-bhail daoine scothaosta a thomhas i ngach réimse beartais laistigh de shainchúram na gCoistí;

**IARRANN SÍ AR AN GCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

59. LEANÚINT lena obair anailíseach chomhpháirteach, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, ar leordhóthanacht pinsean agus cúram fadtéarmach, agus, go tráthrialta, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Leordhóthanacht Pinsean agus an Tuarascáil Chomhpháirteach maidir le Cúram Fadtéarmach a ullmhú.